

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1168 ÓN gCOIMISIÚN**an 15 Meitheamh 2023**

ceartú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996 maidir le hullmhóid de charbhacról, tíomól, D-carvón, salaicioláit mheitile agus L-meantól a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaráithe Biomin GmbH)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996 ⁽²⁾ údaraíodh ullmhóid de charbhacról, tíomól, D-carvón, salaicioláit mheitile agus L-meantól mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaráithe Biomin GmbH)
- (2) Soláthraítear go hearráideach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996 tuairisc ar an bhfeidhmghrúpa ‘breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas a chur ar pharaiméadair zóiteicniúla)’. I dtuairim an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) an 15 Bealtaine 2019 ⁽³⁾ sonraíodh go bhféadfadh an breiseán feidhmíocht fáis a mhéadú i sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga. Tá an téarma ‘zóiteicniúil’ róchineálach agus d’fhéadfaí feidhmeanna éagsúla a chuimsiú faoi, ach gan éifeachtaí sonracha an bhreiseáin a chur in iúl. Dá bhrí sin, chun teacht le tuairim an Údaráis, ba cheart d’fheidhmghrúpa an bhreiseáin beathaithe tagairt a dhéanamh d’fheabhas ar na paraiméadair feidhmíochta.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996 a cheartú dá réir.
- (4) Ós rud é gur cheart go mbeadh an feidhmghrúpa le feiceáil ar lipéad an bhreiseáin beathaithe, ar lipéad na réamh-mheascán agus ar lipéad na beatha cumaisc ina bhfuil sé, is gá foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ina dtugtar deis d’oibreoirí gnólachta beatha na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar na lipéid.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuancoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996, sa dara ró a thagraíonn don chatagóir agus don fheidhmghrúpa, an frása ‘An chatagóir breiseán zóiteicniúil. Feidhmghrúpa: cuirtear ‘An chatagóir breiseán zóiteicniúil’ in ionad ‘breiseán zóiteicniúil eile (feabhas ar pharaiméadair zóiteicniúla)’. Feidhmghrúpa: breiseáin zóiteicniúla eile (feabhas ar pharaiméadair fheidhmíochta)’.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 maidir le húdarú ullmhóide de charbhacról, tíomól, D-carvón, salaicioláit mheitile agus L-meantól mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaráithe Biomin GmbH) (IO L 221, 10.07.2020, lch. 87).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2019;17(6):5724.

Airteagal 2

1. An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996 agus na réamh-mheascáin ina bhfuil an ullmhóid sin, agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 17 Nollaig 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 17 Meitheamh 2023, féadfar leanúint lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil an ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/996, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 17 Meitheamh 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 17 Meitheamh 2023, féadfar leanúint lena gcur ar an margadh agus lena n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe má tá sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN